Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Intreoir ar Shonraíocht Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na Sraithe Sinsearaí

Leabhrán Foghlaim Ghairmiúil 2026-2027

CC BY NC

Lá 1
Acmhainní agus Tacaíochtaí


tinyurl.com/OSPSSCPadlet

padlet

Nótaí

Príomhinniúlachtaí agus Ghné Thrasghearrtha





Pleanáil Fhadtéarmach

Torthaí foghlama a ndéantar iniúchadh orthu sa 5ú Bliain	Torthaí foghlama a ndéantar iniúchadh orthu sa 5ú agus sa 6ú Bliain	Torthaí foghlama a ndéantar iniúchadh orthu sa 6ú Bliain

Féinmhachnamh

Cad iad na straitéisí a d'fhéadfadh cabhrú liom mo chuid taithí / tuairimí / toimhdí féin a bhainistiú?

Cad é a chabhróidh liom dul i ngleic le topaicí ar bhealach tuisceanach, neamhbhreithiúnach agus cuimsitheach?

Néal tacaíochta



Teagaisc agus na Foghlama Éifeachtaí

Ceacht: Conas comhráite deacra a láimhseáil

Cá bhfeiceann tú samplaí de na tréithe eile a bhaineann le teagasc agus le foghlaim éifeachtach sa cheacht?

Nótaí ar shaintréithe eile an teagaisc agus na foghlama éifeachtaí

Taighde mar Ábhar Spreagthaigh





Straitéis Amharc Smaointeoireachta (SAS)

Treoir céim ar chéim um Straitéis Amharc smaointeoireachta (SAS) in OSPS In In SAS, ní bhíonn an múinteoir ag teagasc an ghrúpa ach bíonn sé ag éascú comhrá agus taithí chomhroinnte go gníomhach trí bhreathnú agus aimsiú.

Ag Eagrú:
Tá roghnú íomhá an-tábhachtach, cabhróidh an réamhfhoghlaim go mór. Roghnaigh íomhá le rudaí/daoine ar soiléir cad é iad nó cé hiad. Cinntigh nach bhfuil an radharc san íomhá róchasta mar go mbraithfeadh na scoláirí trína chéile. Má tá an íomhá ró-shimplí, beidh an comhrá thart go tapa. Déan iarracht íomhá a roghnú a mbeidh gach duine i do rang in ann dul i ngleic léi. Bain úsáid as clár bán, scáileán mór, nó píosa mór ealaíne is féidir le gach duine a fheiceáil ag an am céanna.

Céim 1
Tosaigh le **Nóiméad Ciúnais**, a mhaireann thart ar 60 soicind. Spreag na scoláirí chun sos a ghlacadh, aird a dhíriú ar an íomhá iomlán agus breathnú uirthi.

Céim 2
Cuir an cheist seo a leanas, ná himigh ón bhfoclaíocht seo: **"Cad é atá ar siúl sa phictiúr seo?"** (Úsáidtear an cheist seo chun an comhrá a thosú agus ní úsáidfear í ach uair amháin, ag tús an phlé). Fan le freagraí.

Céim 3
Dírigh méar go díreach ar an áit a bhfuil an scoláire ag trácht uirthi ar an íomhá. Mura bhfuil tú cinnte go hiomlán cá bhfuil siad ag díriú a n-airde, lorg soiléiriú ón scoláire. Lean ort ag díriú ar réimsí san íomhá a bhíonn á bplé tríd an bpróiseas ar fad.

Céim 4
Cuir focail eile air nó déan achoimre ar an bhfreagra: "Ceapann Jamie go mb'fhéidir gur ….. atá ann" Coinneoidh sé sin an comhrá oscailte d'fhéidearthachtaí eile ar mhaith le scoláirí eile iad a lua. Seachain do thuairim nó do naisc féin a chur le haon rud eile; NÁ DÉAN ach athleagan nó achoimre a thabhairt. Ná habair go bhfuil an t-eolas ceart nó mícheart: níl tú ag iarraidh a bheag a dhéanamh de thuairim scoláire amháin nó ar an méid a fheiceann siad thar thuairim scoláire eile, cé go bhféadfadh an tuairim dheireanach a bheith níos cruinne nó níos cirte.

Céim 5
Cuir an dara ceist: **"Cad é a fheiceann tú a thugann ort a rá ...?"** (líon isteach an spás le cibé rud atá ráite ag an scoláire) Arís, ná himigh ó fhoclaíocht na ceiste. Spreagann an cheist seo scoláirí chun fianaise a chur lena gcuid tuairimí agus trí naisc a dhéanamh le réamheolas nó le fianaise ón bpictiúr. Arís, ná bí ag aontú, ag easaontú ná ag tabhairt tuairimí ach go simplí abair arís nó tabhair athinsint ar ar dúradh.

Céim 6
Cuir an 3ú ceist: **"Cad é eile is féidir linn a aimsiú?"** Uair amháin eile ná himigh ó fhoclaíocht na ceiste. Spreagann an cheist seo tuairimí éagsúla nó meallann sí rudaí eile is féidir a aithint ón bpictiúr. Ag an bpointe seo, tosaíonn an próiseas arís: déan tagairt do chéimeanna 3, 4 agus 5 thuas.

Céim 7
De réir mar a thugtar níos mó agus níos mó freagraí, ná bíodh leisce ort naisc a dhéanamh leis an méid atá ráite agus aitheanta ag scoláirí eile sna codanna níos luaithe den chomhrá ach ná déan é sin ach amháin trí úsáid a bhaint as an teanga a d'úsáid na scoláirí agus an méid atá ráite acu go díreach leat.

Nóta

Móimintí Litearthachta

D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann do **dheiseanna tábhachtacha litearthachta**. Is deiseanna iad seo inar féidir leat focal a dúirt scoláire a athrú agus tú ag cur focal eile air, ag bogadh ó theanga bhunúsach, shimplí go focail a bhfuil castacht níos airde ag baint leo.

Deireadh a chur leis an gcomhrá

Is féidir le comhráite leanúint ar aghaidh ar feadh 10-15 nóiméad nó d'fhéadfadh sé críochnú nuair nach féidir aon rud eile a fháil, nó nuair nach bhfuil scoláirí ag tabhairt freagra a thuilleadh ar "Cad é eile is féidir linn a aimsiú?". Ní gá tuairimí duine ar bith a dhearbhú. Is féidir le scoláirí soiléiriú a lorg, an freagra "ceart" a iarraidh, agus do thuairim a lorg. Ná tabhair do thuairim mar is iad a gcuidse tuairimí agus barúlacha a bhfuil tábhacht leo agus an fhianaise is féidir leo a fheiceáil. Spreag na scoláirí chun soiléireacht a lorg maidir lena gcuid tuairimí trí scrúdú neamhspleách a dhéanamh. Spreagfar a gcuid fiosrachta.

Cad é atá ar siúl san íomhá seo?

Cad é a fheiceann tú a thugann ort a rá go …?

Cad é eile is féidir linn a aimsiú?

Lá 2
NNC – Naisc/Nua/Ceisteanna

Cad iad na naisc a rinne tú leis an méid a ndearnadh iniúchadh air ar lá 1?

Cad é an rud nua duit a bhfuil tuiscint agat air anois?

Cad iad na ceisteanna atá agat fós i dtaca leis an méid a fiosraíodh ar lá 1?


Fianaise ar fhoghlaim in OSPS

Nótaí

Príomhthascanna in OSPS

Nótaí

Nithe le cuimhneamh orthu le linn pleanála



Nótaí

Aonad foghlama a phleanáil

Toradh foghlama

Téama aitheanta:

Príomhfhoghlaim

Aonad foghlama a phleanáil

Measúnú
Acmhainní
Machnamh
Duine aonair / **Roinn**

Roithleagán ró

Nótaí

Na chéad chéimeanna eile